Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2023
(OR. en)

11665/23

LIMITE

COLAC 87
POLCOM 155
SERVICES 32
FDI 19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0257 (NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1), 100(2), Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht leis an tSile maidir le Comhaontú Comhlachais nuachóirithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile.

(2) An 9 Nollaig 2022, tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Comhaontú') i gcrích go rathúil.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, agus ba cheart an Ráiteas Comhpháirteach maidir leis na Forálacha maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Ráiteas Comhpháirteach'), mar aon leis an Dearbhú Léirmhínitheach Comhpháirteach maidir leis na Forálacha maidir le Cosaint Infheistíochta atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('an Dearbhú Comhpháirteach'), atá araon i gceangal leis an gComhaontú, a fhormheas.

PUBLIC

(4) Ba cheart forálacha áirithe den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(5) Ní rud é an Comhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 41.10 de, laistigh den Aontas, lena ndéantar cearta a bhronnadh ná oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine, seachas iad siúd a cruthaíodh idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile[1+] a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Déanfar an Ráiteas Comhpháirteach agus an Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

[1] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L ,…/ …, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/.../…/oj.

[+] Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 11670/23.



PUBLIC

*Airteagal 4*

Go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 41.5 den Chomhaontú, agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann, cuirfear i bhfeidhm go sealadach na codanna seo a leanas den Chomhaontú idir an tAontas agus Poblacht na Sile[1]:

– Caibidil 1,

– Caibidil 2,

– Caibidil 3 – cé is moite d'Airteagal 3.4 (Cosaint chonsalach)

– Caibidil 4,

– Caibidil 5,

– Caibidil 6 – cé is moite d'Airteagal 6.2 (Cúrsaí cánach),

– Caibidil 7,

– Airteagal 8.5(1), fomhír (b),

– Caibidil 40,

– Caibidil 41.

[1] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna mbeidh na codanna den Chomhaontú dá dtagraítear san Airteagal seo le cur i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



PUBLIC

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC